**SCRÚDÚ AN TEASTAS SHÓISEARAIGH 2018**

**ARDLEIBHÉAL AGUS GNÁTHLEIBHÉAL**

Trial Chluastuisceana

Tá trí chuid sa trial seo: Cuid A, Cuid B agus Cuid C.

## Cuid A

**An chéad chainteoir**
Conas atá sibh ar maidin, a chairde? Is mise Laoise Ní Chinnéide. Rugadh i nDún Chaoin i gContae Chiarraí sa bhliain 2002 mé. Tá cónaí orm anois i mBaile Átha Cliath ó bhí an bhliain 2010 ann. Táim ag freastal ar ghaelscoil. Imrím haca leis an scoil agus leis an gclub Three Rock Rovers. Seinnim ceol leis an mbanna Squeaky Runners.

**An dara cainteoir**
Go mbeannaí Dia daoibh. Liam de Faoite anseo. Tá mé i mo chónaí i gCloich Cheann Fhaola i gContae Dhún na nGall. Is altra í mo mháthair agus tá sí ag obair in Ospidéal Leitir Ceanainn. Is peileadóir gairmiúil é mo dheartháir Pól. Imríonn sé sacar le club sacair Chathair Dhoire. Iascaire é m'athair agus is aoibhinn liom a bheith amuigh ar an fharraige leis ag iascaireacht.

## Cuid B

**Fógra**
Gabhaim pardún agaibh. An príomhoide ag caint libh. Tá scéala iontach agam daoibh ar maidin. Tabharfaidh Uachtarán na hÉireann cuairt ar an scoil s'againne ar maidin an dara lá déag de mhí an Mhárta. Osclóidh an tUachtarán an halla spóirt nua go hoifigiúil an lá sin. Beidh ceolchoirm ar siúl sa halla spóirt nua an tráthnóna sin.

**Píosa nuachta**
Tá sibh ag éisteacht le Raidió na Life. Bronnadh an chéad duais sa Chomórtas Eolaí Óg na Bliana ar Imelda Ní Dhroighneán san RDS tráthnóna. Is as Baile Formaid i mBaile Átha Cliath di. Rinne sí staidéar ar an gceangal atá idir sláinte an duine agus truailliú na timpeallachta sa tír seo.

## Cuid C

**Comhrá a haon**

**Fiachra:** Caidé mar atá tú, a Aisling? Ní fhaca mé ag an chóisir aréir tú.
**Aisling:** Fuair mé cuireadh le dul ann ach bhí aiste Bhéarla le críochnú agam, a Fhiachra.
**Fiachra:** Bhí Tí Bhairbre lán go doras ach ar ndóigh bhí Ed Sheeran ansin ar feadh tamaill.
**Aisling:** Ó, sea, is col ceathrar le máthair Bhairbre é Ed Sheeran.
**Fiachra:** Ghlac mé féin agus Eilís grianghraf dínn féin le hEd Sheeran. Féin-phic, tá a fhios agat.

**Aisling:** Ná cur an féin-phic sin ar Facebook mar tá daoine amuigh ansin a bhfuil éad orthu, a Fhiachra.
**Fiachra:** Ó, ní chuirfidh mé. Ach ar chríochnaigh tú an aiste Bhéarla go fóill, a Aisling?
**Aisling:** Críochnóidh mé tráthnóna inniu í, a Fhiachra.
**Fiachra:** Ní chuirfidh mé moill ort, a Aisling. Slán go fóill.

**Comhrá a dó**
**Éanna:** An í sin Sinéad Ní Choistealbha? Is mise Éanna Mac Éile.
**Sinéad:** Haigh, a Éanna. Ó, sea, bhuaileamar le chéile sa choláiste samhraidh anuraidh.
**Éanna:** A Shinéad, a chara dhíl, cén chaoi an bhfuil tú ó shin?
**Sinéad:** Ní gearánta dom. D'aistrigh mé go dtí scoil chónaithe ó bhí mé ag caint leat anuraidh.
**Éanna:** An dtaitníonn an scoil chónaithe leat, a Shinéad?
**Sinéad:** Taitníonn, ach bhí mé uaigneach ansin ag an tús, a Éanna.
**Éanna:** Ar chríochnaigh tú an leabhar a bhí á scríobh agat?
**Sinéad:** Chríochnaigh mé roimh an Nollaig é.
**Éanna:** Comhghairdeas leat, a Shinéad. Agus cén teideal a thug tú ar an leabhar?
**Sinéad:** *Na Bróga Draíochta*. Is leabhar do pháistí óga é.